

# DÍOGHALTAS DÉ

Sagart a bhí ina chomhnaidhe i mbaile mór, d'éirigh sé ar maidin go moch a' gul a léigheadh Aifrinn. Bhí sé dhá réiteach féin i mbarr a' tighe agus é a' breathnú amach tríd an bhfuinneog. Chonaic sé an fear a' tigheacht ag tigheacht a' tsráid a' dul 'un a chuid oibre. Bhí búistéara ina chomhnaidhe ar aghaidh teach a' tsagairt anonn. Chonaic an sagart ag oscailt an dorais é agus a'dul amach agus a' sáth an fhir le sgian agus a' rith isteach aríst agus a' dúnadh an dorais. Thuit an fear ar an bpointe agus níor chorraigh sé níos mó. Bhí fear eile a' tigheacht an tsráid a' dul 'un a chuid oibre. Chonaic sé an fear i lár na sráide agus fuil ina thimcheall. Sheas sé suas a' breathnú air agus a' déanamh truaighe dhó. "Go bhfóire Dia orainn" adeir sé "tá tú marbh ag fear eicint. Is bocht an cás é le feiceál ar maidin". Smaoinigh sé aríst ar a' bpointe nár cheart dó fanacht aon achar a' breathnú air. "Níl fhios a'm," adeir sé "nach é an chaoi a ndéarfadh chuile dhuine gur mé a mharbhuigh é."

Shiubhail sé agus bheoigh sé ar a chois chomh maith agus d'fhéad sé. Bhí bunáite muinntir an bhaile mhóir ina suidhe nó ag eirghe, agus é in am eirghe. Tháinigeadar uiliug ins an áit a raibh an fear marbh chomh luath agus a chualadar é. Nuair a chuala an dlighe é tháinigeadar féin agus ceistnigheadh na daoine ó dhuine go duine, a bhfacthas duine ar bith a' dul thart ar a' tsráid. Cuireadh ainm ar an bhfear seo, agus dubhradh go ndeachaidh sé féin agus go bhféadfadh sé an fear seo a fheiceál marbh, agus go ndeachaidh sé síos an tsráid faoi an-tsiubhal. "Sin é an fear a mharbhuigh é" adeir a' garda. Tógadh ar a' bpointe é. Thug sé anuas an sgéal mar a chonaic sé. Ní bhfuair sé aon chreistint ins an am nár fhreagair sé an fear ar maidin nuair a chonaic sé marbh é. Bhí fhios ag an sagart go maith gurbh é an búistéar a mharbhuigh é, ach is dóchaigh nár mhaith leis labhairt air. Cuireadh cúirt ar an bhfear ar a' bpointe. Cuireadh ón gcúirt 'un a' tseisiúin é.

Bhí fear ina chomhnaidhe sa tsráid a bhí an-mhór leis an sagart. D'fhiafraigh sé den sagart cén bharamhail a bhí aige dhó. "Ní chaillfidh sé uair a' chluig príosúntachta leis" adeir an sagart. Tháinig lá an tseisiún agus tligheadh an fear le crochadh. "Dá mbfhíor duit liom" adeir an fear seo leis an sagart, "nach ndeanfaí aon bhlas ar a leithide seo d'fear." "Tá mé a' seasamh ar sin i gcomhnaidhe" arsa an sagart. "Feicfidh tusa go dtiocfaidh teachtaire ó Dhia a innseochas g díreach faoin bhfear a mharbhuigh é."

Tháinig an lá leis an bhfear a chrochadh, agus tháinig an nóiméad, agus crochadh é. Labhair an fear seo aríst leis an sagart. "Dá mb'fhíor duit liom" adeir sé "nach gcrocfaidhe an fear seo." "Tá sé crochta anois" adeir an sagart, "ach tá an lá deireannach déanta a'm-sa ins a' tseirbhís seo go bhfágá mé bás aríst. Gabhfa mé anois a' saothrú mo bheatha ar bhealach eicint eile." Ní raibh aon mhuinghin aige as Dia níos mó.

Leag sé de culaith an tsagairt agus shiubhail sé leis. Bhí sé ag imtheacht leis go ndeachaidh sé amach as a' gcondae seo uiliug in áit nach rabh aithne ná eolas air. Bhí sé lá a' siubhal annsin agus casadh duine uasal dó ar an mbóthar. Bheannaigh sé dhó. Bheannaigh siad féin

dhá chéile. “Cáide a shiubhail tú?” adeir sé leis an sagart. “Shiubhail mé tamall fada” adeir sé “ar lorg fear a thógfadh ar aimsir mé seachtain nó mí níos túisge ná bheinn níos faide i mo chomhnaidhe.” “Cén sórt oibre a chleacht tú a bheith dhá dhéanamh?” “Cineál ar bith, bainfidh mé sgathamh as,” adeir sé.

“Siubhail uait mar sin” adeir an duine uasal, agus shíl an sagart gur feilméara a bhí ann.

Réitigheadar le chéile faoin bpáidhe agus thug an duine uasal leis é isteach i bpáirc. Thug sé láidhe dhó agus spáin sé dhó an spota a dtosóchadh sé ag spréidheadh na talmhann, dá ionntú aníos. Dubhairt sé leis fód láidhe ar domhain a ghearradh ann agus a chaitheamh amach i ndiaidh a chéile. Bhí crann i bhfuisgeacht dhá shlat don áit ar thosaigh sé.

D’fhiafruigh sé den duine uasal a rabh sé a dul a’spréidheadh timcheall an chrainn. “Ná spáráil blas de” adeir sé, “ach an oiread le áit ar bith eile”

D’imthigh an duine uasal. Nuair a tháinig an sagart go dtí an crann nocht sé cosa fir a bhí curtha síos le taobh an chrainn i ndiaidh a mhullaigh. Tháinig eagla mhór ar an sagart agus dubhairt sé nach ndéanfadh sé níos mó nó go dtigeadh an máighistir. Shuidh sé síos agus ba ghearr go dtáinig an duine uasal agus labhair sé leis an sagart, agus d’fhiafruigh sé dhe: “An tuirseach atá tú?” “Ní headh” adeir an sagart, “ach gabh leith go bhfeice tú” adeir sé.

Tháinig an duine uasal anall agus spáin an sagart corp an fhir dó. “Nuair a nocht mé iad seo níor mhaith liom a dhul níos fuide nó go bhfeicinn céard a déarfá.”

“Bhfuil fhios agat an fear a crochadh an lá deireannach nach raibh cionntach i mbás an fhir?” adeir sé. “Sin é a mharbhuigh é seo agus é a’ teacht óna chuid oibre, agus a pháidhe seachtaine ina phóca, gan aon ughdar ach é a robáil. Sé a chuir é faoi bhun an chrainn seo. Teachtaire ó Dhia mé” adeir sé “nó go spáinfinn duit an marbhadh a rinne an fear a crochadh. Ní fhaca aonduine é ach Dia agus mharbhuigh an búistéir an fear eile le é seo a chrochadh mar gheall ar an bhfear a fheiceann tú curtha annsin” adeir sé. “Ní fhaca aonduine an búistéara a’ marbhú an fhir a bhí a’ dul an tsráid ach tusa, ach chonaic Dia é” adeir sé agus tá a lá sin le thigheacht fós. Cuireadh mise annseo leis na rudaí seo a innseacht duit-se. Dubhairt Dia liom a rádh leat ‘más feall fillfear.’ Téirigh abhaile anois agus cuir ort an t-éadach céadhna agus bí a’déanamh do sheirbhís níos mó.”